

Clár na dToghthóirí

Iarratas ar vóta poist mar gheall ar chúiseanna oibre/seirbhísí nó staidéir

Tá sé níos éasca ar líne!

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.



www.vótáil.ie

Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist más rud é, mar gheall ar do chuid oibre/seirbhísí **nó** mar gheall ar do staidéar lánaimseartha sa Stát, nach féidir leat dul chuig do stáisiún vótála ar lá na vótála. Chun do vóta a chaitheamh beidh ort dul chuig Stáisiún Gardaí chun do chéannacht a dheimhniú agus do dhearbhu a stampáil agus ina dhiaidh sin marcálfaidh tú an páipéar ballóide, faoi rún.

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait. Inseoidimid duit conas agus cén fáth a n-úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta ar leathanach 4. Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhair a thabhairt duit an fhoirm seo a líonadh isteach.

Comhlánaigh an fhoirm seo i MBLOCLITREACHA, le do thoil

1

Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe

L | L | M | M | B | B | B | B

Uimhir fóin

Seoladh
ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

Éirchód

2

Sínigh anseo agus déan socrú le haghaidh deimhniúchán

Dearbhaím nach féidir liom freastal ar mor stáisiún vótaíochta ainmnithe i bpearsa ar lá na vótála, mar gheall ar imthosca mo chuid oibre/seirbhísí/staidéir.

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- > fíor, agus
- > iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta L | L | M | M | B | B | B | B

Deimhniúchán

Ní mór an chuid seo a chomhlánú do mhic léinn agus d'fhostaithe.
Ba chóir d'iarratasóirí eile dul go Leathanach 3.

Sonraí an deimhnitheora

Daoine nach féidir leo, mar gheall ar chúinsí a ngairm, a seirbhís nó a bhfostaíocht, dul go pearsanta ar lá na vótála chun vótáil ag a stáisiún vótála iarratas a dhéanamh ar vóta poist. Féadfaidh mic léinn atá ag staidéar ar bhonn lánaimseartha in institiúid oideachais sa Stát iarratas a dhéanamh freisin. Más rud é:

- › gur fostaí é nó í an t-iarratasóir, ní mór dá fhostóir nó dá fhostóir ansin an fhoirm seo a dheimhniú
- › gur mac léinn é nó í an t-iarratasóir, ní mór don chláraitheoir nó don rúnaí na hinstitiúide oideachais ábhartha ansin an fhoirm seo a dheimhniú
- › ní mór do gach iarratasóir eile an dearbhú reachtúil a chomhlánú ar leathanach 3.

Sonraí an duine atá á dheimhniú

Ainm iomlán

Seoladh baile

Éirchód

◀ Cuir isteach seoladh an ionaid oibre nó na hinstitiúide oideachais anseo

Gairm nó ról

Uimhir fóin

◀ Baineann sé seo leis an duine atá ag deimhniú an fhoirm seo

Seoladh ríomhphoist

Deimhniú ó fhostóir más fostaí é nó í an t-iarratasóir

Deimhnímse, , go bhfuil, ,

(an t-iarratasóir) fostaithe mar agus, mar gheall ar imthosca a bhfostaíochta, nach féidir leis/léi dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vótáil ag a stáisiún vótaíochta ainmnithe mar gheall ar

Deimhniú ó institiúid oideachais

Deimhnímse, , Cláraitheoir/Rúnaí, go bhfuil

(an t-iarratasóir), ag glacadh páirte i gcúrsa lánaimseartha staidéir oideachais sa Stát ag

agus, de bharr imthosca a gcuid staidéir, nach bhfuil sé/sí in ann dul go pearsanta ar an lá vótaíochta chun vótáil ag a stáisiún vótaíochta ainmnithe mar gheall ar:

Dearbhú reachtúil

Dearbhú Reachtúil d'iarratasóir nach fostaí nó mac léinn lánaimseartha é/í

Ní mór do dhuine an dearbhú reachtúil seo a comhlánú, ar duine é nó í ar mian leis/léi cur isteach ar vóta poist mar gheall nach féidir leis/léi freastal ar a stáisiún vótála ainmnithe ar lá na vótála chun vóta a chaitheamh.

Féadfar dearbhú reachtúil a dhéanamh os comhair nótaire poiblí nó coimisinéir mionnaí nó os comhair feidhmeannaigh síochána nó aturnae cleachtaigh. Is doiciméad dlíthiúil é. Beidh ort an dearbhú seo a dhéanamh agus a shíniú i láthair ceann amháin dóibh thuas.

Comhlánaíonn an t-iarratasóir an chuid seo.

Dearbhaímse, _____, go sollúnta agus go macánta, mar gheall ar imthosca mo shlí bheatha/seirbhíse mar _____, nach mbeidh mé in ann freastal ar mo stáisiún vótaíochta ar an lá vótaíochta chun vótáil agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938.

Síniú _____ Dáta: _____

Ainm Priontála an Iarratasóra _____

Comhlánaíonn nótaire poiblí nó coimisinéir mionnaí nó coimisinéir síochána nó aturnae cleachtach an chuid seo.

Sa chás go gcuireann an t-iarratasóir a fhéiniúlacht nó a féiniúlacht in iúl ag baint úsáid as ceann de na doiciméid thíos, ba cheart duit uimhir an doiciméid, an dáta ar eisíodh é agus ainm na n-údarás a d'eisigh é a chur sna spásanna ábhartha.

Arna dhearbhu os mo chomhair _____ [priontáil d'ainm] nótaire poiblí/coimisinéir mionnaí/coimisinéir síochána/aturnae cleachtaidh ag _____

*a bhfuil aithne agam air nó uirthi go pearsanta,

Nó

*a bhfuil sainaitheanta dom ag _____ a bhfuil aithne agam air nó uirthi go pearsanta, **Nó**

*a bhfuil a fhéiniúlacht nó a féiniúlacht curtha in iúl dom sular glacadh leis an Dearbhú seo trí phas uimh.

de chuid _____ arna eisiúint ar _____ ag údaráis

_____, a thabhairt dom, ar údarás é atá sainaitheanta ag Rialtas na hÉireann

Nó

Uimh. cárta aitheantais náisiúnta _____ arna eisiúint ar _____ ag na húdaráis _____ atá ina mBallstát de chuid an AE,

Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach sa Chomhaontú LEE

Nó

Pas Eachtrannach uimh. (doiciméad comhionann le pas) _____ arna eisiúint ag údaráis _____ ar údarás _____ é atá sainaitheanta ag

Rialtas na hÉireann

Nó

Doiciméad taistil do dhídeanaithe uimh. _____ arna eisiúint ar _____ ag an Aire Dlí agus Cirt

Nó

Doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil do dhídeanaithe) uimh. _____ arna eisiúint ag _____ an Aire Dlí agus Cirt ag

_____ i gCathair/Contae _____

ar an _____ lá de _____ 20 _____

Síniú _____

*Aturnae Cleachtach / Coimisinéir Mionnaí / Nótaire Poiblí / Coimisinéir Síochána *Scrios mar is cuí

An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí. Féadfaidh tú seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag www.vótáil.ie.

Is féidir leat www.vótáil.ie a úsáid freisin chun:

- › clárú chun vóta a chaitheamh;
- › do thaifead reatha a chomhlánú le do shonraí ar nós UPSP, dáta breithe agus Eircode; nó
- › athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist más rud é mar gheall ar na cúinsí seo a leanas:

- › D'obair/do sheirbhís, nó
- › do staidéar lánaimseartha in institiúid oideachais sa stát

dul chuig d'ionad vótaíochta socraithe ar an lá vótaíochta.

Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- › nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh agus
- › go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- › níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

Eolas tacaíochta

Chun d'iarratas a chomhlánú, beidh ort d'fhoirm a bheith deimhnithe nó dearbhú reachtúil a bheith in éineacht léi.

- › Más fostaí tú beidh ar d'fhostóir an chuid ábhartha de leathanach 2 a chomhlánú.
- › Más mac léinn tú in oideachas lánaimseartha caithfidh tú ceist a chur ar chláraitheoir nó rúnaí d'institiúide oideachais an chuid ábhartha de leathanach 2 a chomhlánú.
- › Ní mór do gach iarratasóir eile, lena n-áirítear duine féinfhostaithe, an dearbhú a dhéanamh ar leathanach 3 i láthair ceann de na nithe seo a leanas: aturnae cleachtach nó Coimisinéir Mionnaí nó Nótaire Poiblí nó Feidhmeannach Síochána.

An dáta is déanaí chun iarratas a fháil

Is féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Sa chás gur glaoth toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

Imeacht toghcháin	An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil
Toghchán don Dáil	Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála
Fothoghchán Dála	Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála
Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann	22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí.

Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat seoladh d'údarás áitiúil a chuardach ar líne nó ceist a chur ar d'ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.